Ag glanadh uisce salach

Gníomhaíocht

Fearas

Próca le huisce salach ann, tonnadóir scagtha (is féidir an barr a ghearradh de bhuidéal plaisteach, agus an buidéal a chasadh bun os cionn), scagpháipéar (nó scagairí caife).

Don leathnú: gairbhéal, clocha, éadach (m.sh. seanphopstoca nó riteoga).

Ranganna

Rang a 5 – Rang a 6.

Ullmhúchán

Cuir ithir mhín isteach in uisce chun uisce salach a sholáthar.

AIRE: NÁ hUSÁID ITHIR FHABHTAITHE INA RAIBH MADRAÍ, FRANCAIGH NÓ A LEITHÉID.

Cúlra

Tá an bhéim sa ghníomhaíocht seo ar uisce glan mar thráchtearra an-luachmhar, ar thábhacht an uisce maidir lenár sláinte agus ar an iarracht a bhaineann len é a chur ar fáil.

Chun uisce a chóireáil, caithfear é a ghlanadh agus a dhífhabhtú. An chéad chéim ná chun na gráinní ithreach agus roinnt den bhaictéir a scagadh amach.

Ansin cóireáiltear é le ceimiceáin chun baictéir dhochracha a mharú.

(Ba cheart go mbeadh gníomhaíocht ar 'Tuaslagadh' déanta ag páistí sula ndéanann siad an ghníomhaíocht seo, sa chaoi go bhfuil a fhios acu go dtuaslagann roinnt rudaí in uisce, m.sh. salann, agus nach dtuaslagann rudaí eile, m.sh. gaineamh.)

Sprioc Cheisteanna

Cad a theastaíonn uait le maireachtáil? *(Uisce, aer, dídean, bia, airgead)*

Cá as a dtagann an t-uisce atá sna buacairí? *(Ba mhaith an rud é comhrá ar Thimthriall an Uisce a eagrú; pléigh aibhneacha, locha, tobair, taiscumair).*



An dtagann an t-uisce díreach isteach sa teach nó an nglantar é ar bhealach éigin ar dtús? Cad a tharlaíonn má bhíonn an t-uisce salach? *(Pléigh scagadh agus dífhabhtú)*

Cad é scagaire? *(Bealach chun meascáin a dheighilt óna chéile)*

An féidir gach rud a bhaint as an uisce trí scagadh a dhéanamh? *(Ní féidir, ní féidir ach na rudaí nach dtuaslagann in uisce a bhaint as; tuaslagann roinnt mianraí in uisce nuair a shileann sé thar charraigeacha. Is iad seo is cúis le huisce 'crua' – uisce nach féidir sobal a dhéanamh go héasca leis.)*

Dá mbeifeá ag déanamh cáca agus go raibh cnapáin sa phlúr, cad a dhéanfá? *(D'úsáidfeá criathar.)*

Nuair a bhruitheann daoine glasraí don dinnéar, conas a scagann said na glasraí ón uisce sa sáspan?

(Is féidir úsáid criathar, stráiníní, síothlán a phlé – an coincheap go ligeann mogall do rudaí beaga sileadh tríd ach coimeádann sé siar rudaí móra.)

An eol duit aon bhealach le breith ar iasc seachas líne agus húca? *(Líon.)*

Ag glanadh uisce salach

Gníomhaíocht

Snáithe an Ábhair	Feasacht agus Cúram Imshaoil Ábhair – ábhair a dheighilt óna chéile Dúile Beo – Mise
Scileanna	Ag déanamh turgnamh, ag breathnóireacht
Naisc Thraschuraclam	Tír Eolaíocht – Imshaol OSPS: Cothú bia agus ag ól uisce
Gníomhaíocht	Cuir an tonnadóir sa phróca agus cuir an scagpháipéar sa tonnadóir. (Chun an scagpháipéar a fhilleadh i gceart, fill ina dhá leath é agus ansin fill arís é ina dhá leath. Cuir isteach sa tonnadóir é sa chaoi go bhfuil trí shraith páipéir ina luí ar thaobh amháin den tonnadóir agus sraith amháin ar an taobh eile. Má fhliuchann tú an tonnadóir beagán, greamóidh an scagpháipéar air níos éasca).  Anois doirt an t-uisce salach isteach sa tonnadóir. Fan! (Is gnó mall é scagadh). Féach cad a tharlaíonn. *(Is minic a éiríonn na páistí mífhoighneach ag an bpointe seo agus tosaíonn siad ag brú ar an tonnadóir chun rudaí a dheifriú. Tá dainséar ann go stróicfear an páipéar agus go rachaidh an t-uisce salach tríd gan scagadh. Is deis í seo chun plé a dhéanamh ar láidreacht pháipéir fhliuch i gcomparáid le láidreacht pháipéir thirim.)* Cuir an t-uisce salach i gcomparáid leis an uisce glan a thagann tríd an scagaire. Scrúdaigh an scagpháipéar; cad atá ann? Cad is cúis leis, dar leis na páistí?
Aire	BÍ CÚRAMACH LE hITHIR. NÁ hÚSÁID ITHIR ATÁ FABHTAITHE. Bí curamach leis an uisce.
Leathnú	Is féidir an ghníomhaíocht seo a úsáid mar imscrúdú, ag úsáid ábhair éagsúla mar scagairí le feiceáil cé acu scagaire a thugann an t-uisce is glaine: Is féidir gaineamh a chur sa scagpháipéar agus uisce a dhoirteadh tríd; Is féidir gairbhéal a úsáid mar scagaire (le cúpla cloch ag bun an tonnadóra chun an gairbhéal a choimeád istigh ann); Is féidir píosa éadaigh (m.sh. seanriteoga nó seanphopstocaí) a shíneadh trasna an tonnadóra agus a dhaingniú le banda leaisteach chun scagaire a dhéanamh. Is féidir an t-uisce a thagann trí na tonnadóirí seo a chur i gcomparáid leis an uisce salach bunaidh agus, freisin, leis an uisce a chuaigh tríd an scagpháipéar amháin. Cé acu scagaire a thug an t-uisce is glaine?